Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

AISTRIÚ 2010

TREOIR DO PHRÍOMHOIDÍ BUNSCOILEANNA, DO BHOIRD GOBHARNÓIRÍ AGUS PRÍOMHOIDÍ IARBHUNSCOILEANNA, AGUS DO BHOIRD OIDEACHAIS AGUS LEABHARLAINNE / DON ÚDARÁS UM OIDEACHAS AGUS SCILEANNA

AR IONTRÁLACHA IARBHUNSCOILE SA SCOILBHLIAIN 2010/11

Déanann an treoir dhá rud: Soláthraíonn sí cur síos fíriciúil, i bParagraif 1 – 15, ar an chomhthéacs dleathach ina bhfeidhmeofar iontrálacha iarbhunscoile (agus ina mbeidh neart leanúnachais). I bParagraif 16 – 28, soláthraíonn sí treoir agus moltaí do scoileanna ar chritéir iontrála agus ar an dóigh a chuirfear i bhfeidhm iad. Tá Paragraif 16 – 28 á n-eisiúint le haghaidh comhairliúcháin agus iarrtar freagraí ar a bhfuil iontu roimh 27 Aibreán, 2009. Ba chóir freagraí a chur chuig an Bhrainse um Rollú Oscailte agus Ghnás Aistrithe, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giaill, Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, BT19 7PR.

ACHOIMRE

AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ THREOIR NA ROINNE OIDEACHAIS

Leagann an treoir seo amach creat don ghnás um iontrálacha chuig iarbhunscoileanna sa scoilbhliain 2010/11. Is iad aidhmeanna agus cuspóirí na socruithe maidir le hiontrálacha daltaí chuig iarbhunscoileanna, mar a leagtar amach sa treoir seo, mar a leanas:

- go mbeidh cinntí um iontrálacha cothrom agus go dtugann siad an deis do gach páiste a c(h)umas a bhaint amach;
- gur soiléir agus intuigthe iad na socruithe foriomlána iontrálacha, agus laistigh de sin, gur soiléir agus intuigthe iad ról na Roinne, ról na mBord Oideachais agus Leabharlainne / an Údaráis um Oideacheas agus Scileanna, agus ról Bhoird Gobharnóirí bunscoileanna agus iarbhunscoileanna; agus
- go ndéanann Boird Gobharnóirí iarbhunscoileanna cinntí atá láidir agus cruinn maidir le hiontrálacha

CRITÉIR IONTRÁLA

Maidir leis na trí chuspóir seo, molann an treoir thíos (Paragraif 16-20) clár chritéir iontrála, agus uaidh sin ba chóir do Bhoird Gobhárnóirí iarbhunscoileanna a gcuid critéar iontrála maidir le hiontrálacha sa scoilbhliain 2010/11 a dhréachtú. Seo mar a leanas clár na gcritéar molta iontrála:

An Chéad Chritéar Molta:

- Iarrthóirí atá i dteideal Béilí Saora Scoile (FSME): ní mór tosaíocht a thabhairt sa dóigh is nach mbíonn comhréir na bpáistí sin a admhaítear níos lú ná comhréir na n-iarrthóirí FSME príomhrogha a fhaightear laistigh de líon iomlán na n-iarratas príomhrogha a fhaightear.

Critéir Eile:

- Siblín;
- An páiste is sine;

- ❒ Bunscoil fhriothálach / ainmnithe;
- ❒ Paróiste (leis an scoil is cóngaraí is oiriúnaí);
- ❒ Scoilcheantar (leis an scoil is cóngaraí is oiriúnaí);
- ❒ An scoil is cóngaraí is oiriúnaí;
- ❒ Roghnú randamach (ceist réitigh).

LEANÚNACHAS

Seachas sin, ba chóir go dtuigfeadh gach duine a bhfuil baint acu leis an phróiseas iontrála don bhliain 2010 nach mbeidh athrú mór ar an phróiseas féin, agus is í an phríomhdhifríocht a bheidh ann ná nach soláthróidh an Roinn Teist Aistrithe.

Tabhair do d'aire gurb é an leagan Béarla den reactaíocht an t-aon leagan údarásach"

CLÁR ÁBHAIR

Seo mar a leanas clár ábhair na treoracha:

Paragraf

1–2	**Stádas dleathach threoir iontrála na Roinne Oideachais**	**1**
3– 8	**Leanúnachas: an dóigh nach mbeidh mórán athraithe ar an phróiseas aistrithe**	**2**
3	An próiseas go ginéaralta	2
4	Ról na mBord Oideachais agus Leabharlainne / an Údaráis um Oideachas agus Scileanna	2
5	Ról na Roinne Oideachais	3
6	Ról na n-iarbhunscoileanna agus a mBord Gobharnóirí	3
7	Ról na mbunscoileanna	4
8	Páistí a bhfuil Ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais acu	5
9–15	**Athruithe: Cad iad na gnéithe d'aistriú 2010 a bheidh difriúil?**	**5**
9	"Teisteanna Iontrála" d'aistriú bunús acadúil acu	5
10–12	Rialú na gcritéar iontrála	5
13–14	Foras nua um Imthosca Ar Leith	6
15	Dualgais nua um iontrála do scoileanna gramadaí	6
16–17	**Moltaí ar chritéir iontrála**	**7**
16	Aidhmeanna agus Cuspóirí an phróisis iontrála	7
17	Clár na gcritéar molta iontrála	7

18–26	**Critéir iontrála acadúla**	**10**
18-19	An seasamh dleathach agus moltaí na Roinne	10
20	Breithniú ar iarrthóirí FSME	10
21-23	Socruithe neamhspleácha measúnaithe nó "Teisteanna Iontrála" a chur in iúl agus a ullmhú	10
24-25	Imthosca ar Leith	11
26-27	Soláthar ar Leith	12
28	**Conclúid**	**12**

STÁDAS DLEATHACH THREOIR IONTRÁLA NA ROINNE OIDEACHAIS

1. Tá an treoir seo eisithe ag an Roinn Oideachais faoi Airteagal 16B den Education Order (NI), 1997 - arna leasú ag Airteagal 30 den Education Order (NI), 2006 – a shonraíonn:

> *(1) Féadfaidh an Roinn an treoir is cuí léi a eisiúint i dtaobh na socruithe iontrála do dhaltaí chuig scoileanna deontaschúnta agus i dtaobh comhall feidhmeanna na gcomhlachtaí seo a leanas faoi seach faoin chuid seo:*
>
> *i. Boird;*
>
> *ii. Boird Gobharnóirí scoileanna deontaschúnta;*
>
> *iii. Binsí achomhairc comhdhéanta de réir na rialachán faoi Airteagal 15(8); agus*
>
> *iv. An comhlacht bunaithe de réir na rialachán faoi Airteagal 16A(6),*
>
> *agus ó am go chéile féadfaidh sí athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir sin.*
>
> *(2) Féadfaidh an treoir aidhmeanna, cuspóirí agus ábhair eile a bhaineann le comhall na bhfeidhmeanna sin a leagan amach.*
>
> *(3) Beidh dualgas*
>
> *v. Ar gach comhlacht a luaitear i bParagraf (1); agus*
>
> *vi. Ar dhuine ar bith eile a chomhallann aon fheidhm le feidhmeanna comhlachta dá leithéid a chomhall faoin chuid seo,*
>
> *<u>aird a bheith acu ar aon treoir ábhartha atá i bhfeidhm faoin Airteagal seo".</u>*

2. Mar sin de, ní mór do bhunscoileanna, do phríomhoidí agus Boird Gobharnóirí iarbhunscoileanna agus do Bhoird Oideachais agus Leabharlainne (ELBanna) / don Údarás um Oideachas agus Scileanna (ESA) "aird a thabhairt" ar an treoir

seo nuair a eiseofar é. Mar eisceacht air seo, dar ndóigh, beidh codanna den threoir a dhéanann cur síos ar na dualgais agus freagrachtaí a bhíonn ag Boird Gobharnóirí iarbhunscoileanna agus ag na ELBanna / an ESA a bhfuil bonn reachtach acu féin.

LEANÚNACHAS: AN DÓIGH NACH MBEIDH MÓRÁN ATHRAITHE AR AN PHRÓISEAS AISTRITHE

3. **An próiseas go ginéaralta:** reachtálfar an próiseas iontrála mar a reachtáladh é san am atá thart a bheag nó a mhór, ach ní sholáthróidh an Roinn teist d'aistriú chuig an iarbhunscoil, agus molann sí nach n-úsáideann scoileanna critéir iontrála acadúla. Leagtar amach i bparagraif 16 – 20 treoir ar an dóigh ba chóir critéir iontrála a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm de cheal rialúchán chritéir iontrála. Seachas sin, ba chóir a dhearbhú le príomhoidí bunscoileanna, le Boird Gobharnóirí agus Príomoidí iarbhunscoileanna, le ELBanna / leis an ESA agus le tuismitheoirí agus páistí nach mbeidh mórán athraithe ar an phróiseas iontrála chuig iarbhunscoileanna ná ar na róil atá acu.

4. **Ról na ELBanna / an ESA:** fánfaidh sé seo go bunúsach mar atá anois.

   (a) Is iad na ELBanna / an ESA a riarfaidh an próiseas iarratas chuig iarbhunscoileanna in ord rogha an iarrthóra go fóill agus coinneoidh siad a ndualgais réamhbhunaithe ar fad maidir leis seo, mar a leagtar amach in Airteagail 9, 15, agus 17 den Education Order (NI) 1997.

   (b) Eiseofar Leabhráin Aistrithe ELB/ESA chuig tuismitheoirí i mí na Samhna / na Nollag 2009 / Eanáir 2010 agus beidh critéir iontrála gach iarbhunscoile do phróiseas iontrála 2010 iontu (tugtha chun críche de riachtanas).

   (c) Oibreoidh an próiseas iarratas laistigh den tréimhse ama céanna atá ann faoi láthair, leis na Foirmeacha Aistrithe críochnaithe (le cuidiú ó phríomhoide bhunscoil an iarrthóra) i mí Feabhra 2010, agus ansin cuirfear faoi bhráid Oifigigh Aistrithe na ELBanna \ an ESA iad. Eiseofar cinntí iontrála chuig iarrthóirí ag deireadh mhí Bealtaine 2010.

   (d) Nuair a dhéanfar socruithe maidir le ceisteanna iontrála roimh dheireadh mí Bealtaine 2010, éascóidh na ELBanna/an ESA feidhmiú na mBinsí Achomhairc go fóill. Gheobhaidh na Binsí seo na hAchomhairc, déanfaidh siad breithniú agus cinntí orthu faoin chlár ama céanna a bhí ann cheana agus laistigh de na téarmaí tagartha céanna (mar a leagtar amach in

Education Order (NI), 1997 – i.e. de réir an dóigh nár cuireadh i bhfeidhm critéir iontrála scoile nó nár cuireadh i bhfeidhm mar ba cheart iad agus má cuireadh i bhfeidhm mar ba cheart ias, de réir cé acu an bhfaigheadh nó nach bhfaigheadh duine atá ag déanamh achomhairc iontráil chuig an scoil.

5. **Ról na Roinne:** fánfaidh sé seo go bunúsach mar atá anois.

(a) Mar is gnáth, eiseoidh an Roinn imlitir iontrála i mí Lúnasa, ina sonrófar tuilleadh eolais faoin phróiseas agus faoi na dátaí don bhliain atá le teacht.

(b) Socróidh an Roinn na líonta iontrála agus rollaithe do gach scoil go fóill, de réir Education Order (NI), 1997 (Airteagail 11 agus 12). Beidh na dualgais chéanna ar scoileanna maidir le daltaí a ghlacadh, suas lena líonta iontrála agus rollaithe de réir, más gá, fheidhmiú a gcritéar iontrála mar a leagtar amach in Airteagal 13 den Education Order (NI) 1997. Ba chóir do scoileanna gramadaí tabhairt faoi deara, áfach, gur baineah den Education Order (NI) 1997 an chumhacht a bhí acu le hiontráil a dhiúltiú d'iarrthóirí ar chúiseanna acadúla (cé go bhfuil áiteanna ar fáil) de réir Education Order (NI) 1997 (féach Paragraf 15).

6. **Ról na n-iarbhunscoileanna agus a mBoird Gobharnóirí:** Beidh Boird Gobharnóirí iarbhunscoileanna go fóill mar údaráis reachtúla iontrála don iarbhunscoil a bhfuil baint acu léi. Salnmhíneofar a ndualgais agus a bhfreagrachtaí ó thaobh iontrálacha agus asitrithe de in Airteagail 10, 13, 15, agus 16 den Education Order (NI) 1997 go fóill (agus is é an t-aon athrú amháin a bheidh sna dualgais agus sna freagrachtaí seo ná an athrú a bhaineann le Boird Gobharnóirí scoileanna gramadaí de bhua aisghairm Airteagal 14 den Ordú céanna agus de cheal rialúchán chritéir iontrála).

(a) Beidh ar Bhoird Gobhanóirí iarbhunscoileanna critéir iontrála na scoileanna a dhréachtú mar a dhéantar faoi láthair. Beidh ar na ELBanna / an ESA na critéir seo a fhoilsiú, mar a dhéantar faoi láthair, (agus é seo a dhéanamh gach bliain i mí na Samhna / na Nollag / Eanáir). Ciallíonn sé seo go mbeidh ar Bhoird Gobharnóirí iarbhunscoileanna dréachtú chritéir iontrála na scoileanna a chur i gcrích de réir an chláir ama céanna a socraíodh an ELB/ an ESA cheana féin.

(b) Agus na critéir foilsithe acu, ní bheidh Boird Gobharnóirí iarbhunscoileanna ábalta athrú a dhéanamh orthu ach amháin le faomhadh na Roinne.

(c) Sa chás go mbíonn scoileanna ró-shuibscríofa, caithfidh Boird Gobharnóirí iarbhunscoileanna páistí a roghnú le haghaidh iontrála trína gcritéir iontrála foilsithe féin a chur i bhfeidhm.

(d) Caithfidh go mbeidh iarbhunscoileanna ábalta iontráil a thabhairt do líon na n-iarrthóirí atá go díreach ar choibhéis lena líonta iontrála agus rollaithe mar atá leagtha amach ag an Roinn mar gheall ar na critéir atá dréachtaithe ag an Bhord Gobharnóirí – i.e. caithfidh go ndéanfaidh na critéir idirdhealú idir na hiarrthóirí i gcás na háite deiridh féin atá ar fáil.

(e) Caithfidh go dtabharfaidh na critéir atá dréachtaithe ag Boird Gobharnóirí iarbhunscoileanna tosaíocht d'iarrthóirí a bhfuil cónaí orthu i dtuaisceart na hÉireann roimh gach iarrthóir eile nach bhfuil cónaí orthu ann (faoi réir athbhreithniú na Roinne ar an mhír reachtaíochta seo.

(f) Beidh dualgas ar Bhoird Gobharnóirí iarbhunscoileanna, mar atá faoi láthair, iontráil a thabhairt d'iarrthóir má tá áiteanna ar fáil laistigh de na líonta iontrála agus rollaithe mar atá leagtha amach ag an Roinn – i gcás líonta rollaithe, beidh sé seo faoi réir an "eisceacht faoi usáid éifeachtach acmhainní" céanna.

(g) Beidh dualgas ar Bhoird Gobharnóirí iarbhunscoileanna, mar atá faoi láthair, iontráil a thabhairt do pháiste má threoraíonn Binse Achomhairc iad; agus

(h) Is cinnte go reachtálfaidh iarbhunscoileanna oícheanta oscailte (idir mí na Nollag agus mí Feabhra go ginearálta)

7. **Ról na mbunscoileanna:** fánfaidh sé seo go bunúsach mar atá anois

(a) Tabharfaidh bunscoileanna cuidiú do thuismitheoirí go fóill maidir le comhairle a thabhairt faoi na roghanna is fearr dá bpáistí agus maidir le cuidiú a sholáthar ar chomhlánú na Foirme Aistrithe – de ghnáth trí agallamh idir príomhoide na bunscoile agus tuismitheoir(í) i mí Feabhra 2010.

(b) Ní bheidh ach Foirm Aistrithe amháin le comhlánú ag tuismitheoirí go fóill. Beidh ar thuismitheoirí na hiarbhunscoileanna is fearr leo a chur síos i rang-ord agus beidh orthu aon eolas atá riachtanach dá n-iarratas a chur faoi iamh go fóill (eolas atá ábhartha do chritéir iontrála na hiarbhunscoile, doiciméid fíorúcháin, srl.). Cuirfear na Foirmeacha Aistrithe faoi bhráid na ELBanna/ an ESA go fóill.

8. **Páistí a bhfuil Ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais acu:** ní bheidh athrú ar na gnásanna a bhíonn á n-oibriú lasmuigh de na gnásanna um Rollú Oscailte do pháistí a bhfuil ráiteas ar riachtanais speisialta oideachais acu, ionas go gcinnteofar soláthar an socrúchán scoile is cuí do na páistí sin.

ATHRUITHE: CAD IAD NA GNÉITHE D'AISTRIÚ 2010 A BHEIDH DIFRIÚIL?

9. **"Teisteanna Iontrála" d'Aistriú Teistbhunaithe:** Ní sholáthróidh an Roinn Teist Iontrála ón bhliain 2010 amach. Tá ráite ag roinnt iarbhunscoileanna go mbeidh a gcuid "Teist Iontrála" féin á forbairt agus á reachtáil acu. Níl cosc dleathach ar na "Teisteanna Iontrála" neamhspleácha seo a reachtáil mar chuid den phróiseas iontrála ach reachtálfar gan faomhadh na Roinne iad (le haghaidh tuilleadh eolais – féach Paragraif 16, 18-27).

10. **Rialú na gcritéar iontrála:** roimh 2010, bhí na critéir iontrála a raibh Boird Gobharnóirí ábalta úsáid a bhaint astu faoi rialú Airteagal 16 den Education Order (NI), 1997 agus faoi rilaú rialúcháin chritéir iontrála a bhí dréachtaithe ag an Roinn faoin Airteagal céanna; ach de bharr go ndearnadh athchur ar an Airteagal seo, rachaidh a rialúcháin tacaíochta maidir leis an phróiseas iontrála as feidhm ón bhliain 2010 amach. Go sonrach, ciallaíonn an dul as feidhm seo nach mbeidh a leithéid seo a leanas ann níos mó:

    (a) cosc ar scoileanna neamhghramadaí chun úsáid a bhaint as critéir iontrála;

    (b) cosc ar scoil ar bith chun úsáid a bhaint as a "Teist Iontrála" féin nó scrúdú le feidhmiú na gcritéar iontrála acadúil a fháil amach;

    (c) cosc ar scoileanna chun úsáid a bhaint as critéir a thugann tosaíocht d'iarratais de réir an rogha a bhí tugtha ag an iarrthóir;

    (d) rialúcháin a mhíníonn na líonta is airde ar féidir iontráil a thabhairt dóibh chuig Rannóg Chónaithe.

11. Laistigh de na dualgais agus na freagrachtaí reachtúla leanúnacha atá acu (mar atá achoimrithe i bParagraf 6), beidh sé dleathach do Bhord Gobharnóirí iarbhunscoile aon chritéar iontrála a úsáid seachas na critéir sin a bhfuil cosc orthu níos ginearálta trí reachtaíocht comhionannais.

12. D'aineoinn seo, déanann an treoir seo moltaí do gach Bord Gobharnóirí iarbhunscoile ar na critéir iontrála ba chóir agus nár chóir dóibh a úsáid (féach

paragraif 16-20). Beidh sé de dhualgas ar gach scoil aird a thabhairt ar na moltaí seo.

13. Foras nua um Imthosca ar Leith: faoi Airteagal 29 den Education Order (NI), 2006, tá dualgas iomlán nua ar an Roinn le foras a bhunú ar féidir le tuismitheoirí iarratas a chur chuige ar lorg ordaithe a cheadóidh, de bharr "imthosca ar leith", iontráil chuig iarbhunscoil dheontaschúnta ar leith dá bpáiste. I dteannta an dualgais a bhaineann le foras a bhunú, tá dualgas ar an Roinn miniú a dhéanamh, trí rialúcháin, ar cad is "imthosca ar leith" ann nuair a dhéantar iarratais agus orduithe dá leithéid. Soláthraítear níos mó tríd an reachtaíocht nach meastar páistí a bhfuil iontráil de bharr orduithe faighte acu mar chuid den líon iontrála nó rollaithe na scoile (i. beidh an páiste mar pháiste breise don bhliain iontrála sa dóigh céanna agus atá na páistí siúd a fhaigheann iontráil mar gheall ar ordú ó Bhinse Achomhairc).

14. Cé nár críochnaíodh obair go fóill le himthosca eisceachtúla a shainmhíniú agus le foras a bhunú a dhéanfaidh breithniú ar achomhairc ar fhorais imthosca eisceachtúla, áirítear ar na cásanna atá beartaithe a bheith clúdaithe faoin fhoráil seo: páistí faoi chúram, uaireanta nuair a dhéanann seirbhísí sóisialta cás láidir do pháiste chun freastal ar scoil áirithe (mar shampla nuair a rinneadh drochúsáid ar pháiste), nó nuair a éilíonn imthosca míochaine nach bhfuil ráiteas orthu freastal ar scoil áirithe.

15. **Dualgais Iontrála nua na Scoileanna Gramadaí:** Tá Airteagal 14 den Education Order (NI), 1997 aisghairthe le hAirteagal 27 den Education Order (NI), 2006, leis an éifeacht nach mbeidh cead ag Boird Gobharnóirí scoileanna gramadaí iontráil a dhiúltú níos mó, ón phróiseas iontrála ó 2010 amach (cé go bhfuil áiteanna ann):

> *"where [they are] of the opinion that admission of the child to the school would be detrimental to the educational interests of the child; and*
>
> *where [they are] of the opinion that the academic ability of the child is not of a standard equivalent to that of the pupils with whom he would be taught at the school."*

nó, i bhfocail eile, sa chás nach mbíonn scoileanna gramadaí ró-shuibscríofa, beidh na dualgais chéanna orthu le hiontráil a thabhairt d'iarrthóirí chuig gach áit atá ar fáil – ar an bhealach bunaithe a úsáideann gach scoil neamh-gramadaí

(i.e. is é an t-aon eisceacht amháin atá ann, i gcás bliainghrúpaí cé is moite de bliain 8, ná nuair is féidir le Bord Gobharnóirí iarbhunscoileanna a thaispeáint "that the admission of the child to the school would prejudice the efficient use of resources" (Airteagal 13, Education Order (NI), 1997).

MOLTAÍ AR CHRITÉIR IONTRÁLA

16. **Aidhmeanna agus cuspóirí an phróisis iontrála:** mar a shonraítear iad san achoimre ag tús na treorach seo, agus de réir a cumhachta i leith na treorach seo (féach Paragraf 1) measann an Roinn gurb iad aidhmeanna agus cuspóirí na socruithe um iontráil daltaí chuig iarbhunscoileanna ná:

- ❒ go mbíonn cinntí iontrála cothrom agus go dtugann siad deis do gach páiste a c(h)umas féin a bhaint amach;
- ❒ go mbíonn na socruithe foriomlána le haghaidh aistrithe, agus róil na Roinne, na ELBanna/an ESA, Bhoird Gobharnóirí bunscoileanna agus iarbhunscoileanna faoi seach, go mbíonn siad soiléir agus sothuigthe;
- ❒ go ndéanann Boird Gobharnóirí iarbhunscoileanna cinntí iontrála atá láidir agus cruinn.

17. Clár na gcritéar molta iontrála: i leith na gcuspóirí seo, molann an Roinn go ndréachtaíonn Boird Gobharnóirí iarbhunscoileanna a gcritéir iontrála ón liosta critéar molta seo a leanas (tá iallach ar gach scoil aird a thabhairt ar na moltaí seo):

An chéad chritéar a moltar do gach scoil	Nótaí
Iarrthóirí atá i dteideal Béilí Saora Scoile (FSME): ní mór tosaíocht a thabhairt sa dóigh is nach mbíonn comhréir na bpáistí sin a admhaítear níos lú ná comhréir na n-iarrthóirí FSME príomhrogha a fhaightear laistigh de líon iomlán na n-iarratas príomhrogha a fhaightear	Mar shampla, más rud é go bhfaightear 20% de líon iomlán na n-iarratas príomhrogha ó iarrthóirí FSME, ba chóir ar a laghad 20% d'áiteanna na scoile a thabhairt d'iarrthóirí FSME. Eiseofar tuilleadh eolais níos moille a thabharfaidh soiléiriú ar conas go díreach a éascóidh an próiseas iarratas feidhmiú an chritéir seo

Critéir Eile a Mholtar (ach ní in aon ord ar leith)	Nótaí
Siblín	Sainmhíneofar an critéar mar "Páistí a bhfuil páiste den teaghlach céanna rollaithe sa scoil faoi láthair". Cuimsíonn an frása "páiste den teaghlach céanna" páistí ar altramaíodh iad, ar uchtaíodh iad srl. agus ní gá leaganacha éagsúla de 'shiblín' a shainmhíniú.
An Páiste is Sine	Sainmhíneofar an critéar seo mar "páistí arb iad an páiste is sine iad atá incháilithe le bheith admhaithe chuig an scoil." Cuimsíonn an fhoclaíocht seo páistí "aonair" agus tá sé i gceist aige plé le gach duine ar leathchúplaí iad (nó páistí eile ilbhreithinne iad) mar an duine is sine. Is féidir go gcuirtear san áireamh sa téarma "is sine" an buachaill/ an cailín is sine i gcás scoileanna aonghnéis.
Bunscoil fhriothálach/ ainmnithe	Sainmhíneofar an critéar seo mar "páistí a bhíonn ag freastal ar bhunscoil ainmnithe a roghnaíonn Bord Gobharnóirí tosaíocht a thabhairt di". Ní chóir go dtabharfadh iarbhunscoileanna leibhéal níos airde tosaíochta do bhunscoil amháin ná mar a thugtar do bhunscoil ón earnáil chéanna agus atá níos cóngaraí don iarbhunscoil. Go ginearálta ba chóir an critéar seo a úsáid le tosaíocht a thabhairt do pháistí atá ag freastal ar bhunscoileanna áitiúla na hiarbhunscoile. Is féidir go ndéanfaidh an Roinn eadráin sa chás go measann sí go bhféadfaí an critéar seo a úsáid ar bhealach a thugann neamhaird ar na sainphointí seo.
Paróiste (leis an scoil is cóngaraí is oiriúnaí);	Sainmhíneofar an critéar seo mar "páistí a bhfuil cónaí orthu i bparóiste ainmnithe".
Scoilcheantar (leis an scoil is cóngaraí is oiriúnaí)	Sainmhíneofar an critéar seo mar "páistí a bhfuil cónaí orthu sa scoilcheantar ainmnithe". Is féidir scoilcheantar a shainmhíniú mar "ceantar a bhfreastlaíonn scoil air a shainíonn Bord Gobharnóirí". Moltar sa treoir seo nár chóir an dá chritéar iontrála "geografach" seo ("Paróiste" agus "Scoilcheantar") a úsáid ach amháin sa chás go n-úsáidtear iad i gcomhar leis an chritéar "Scoil is Cóngaraí is Oiriúnaí". Is é is sprioc leis seo ná lena chinntiú go gcaitear le **hiarrthóirí iargúlta agus tuaithe le** comhthosaíocht sna hiontrálacha agus a chaitear leo siúd atá cáilithe de réir chritéir geografacha na scoile mar gheall ar a seoltaí. Má ghlactar leis, ba é an chiall a bheidh leis an mholadh ná nach mbeidh iarrthóir a

	bhfuil seoladh iargúlta aige maidir leis an scoil is cóngaraí is oiriúnaí dóibh (mar shampla iarrthóir tuaithe), nach mbeidh an t-iarrthóir sin faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar an seoladh sin. Seachas an éifeacht bheartaithe a fhaightear ón dá chritéar geografach seo a chomhcheangal leis an chritéar le haghaidh na scoile is cóngaraí is oiriúnaí, níor chóir go dtabharfadh iarbhunscoileanna leibhéal níos airde tosaíochta dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu i gceantar nó i bparóiste amháin ná mar a thugtar dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu i gceantar nó i bparóiste eile atá níos cóngaraí don iarbhunscoil. Is í úsáid cheart an dá chritéar seo ná le tosaíocht a thabhairt d'iarrthóirí i gceantair nó i bparóistí iarbhunscoile. Is féidir go ndéanfaidh an Roinn eadráin sa chás go measann sí gur féidir na critéir seo a úsáid ar bhealach a thugann neamhaird ar na sainphointí seo.
An Scoil is Cóngaraí is Oiriúnaí;	Sainmhínítear an critéar seo mar "páistí arb í an scoil an scoil is cóngaraí is oiriúnaí dóibh." Ba é an sainmhíniú ábhartha a bheadh aige ná: "is cóngaraí do ghnáth-áit chónaithe an pháiste." Is é an cinneadh a bhíonn ag Bord Gobharnóirí na hiarbhunscoile ná cé acu an bhfuil scoil eile sa chatagóir chéanna leo atá níos cóngaraí do sheoladh an pháiste nó nach bhfuil. Muna bhfuil, comhlíonann an páiste an critéar. Ba chóir gurb iad catagóirí na scoileanna atá le húsáid chun críocha na gcinntí seo (is cuma cé acu atá scoil ag iarraidh iontrálacha acadúla a chleachtadh) ná "scoil ghramadaí shainchreidmheach", "scoil ghramadaí neamh-shainchreidmheach", "meánscoil faoi chothabháil", "meánscoil rialaithe", "Gaelscoil" agus "Scoil Imeasctha".[1]
Roghnú Randamach (ceist réitigh).	Sainmhíneofar an critéar seo mar "modh roghnaithe randamaigh". Beidh ar Bhord Gobharnóirí na hiarbhunscoile modh roghnaithe randamaigh a cheapadh, ach molann an Roinn go láidir do scoileanna atá ag baint úsáide as an cheist réitigh seo go gcinntíonn siad go bhfuil rian soiléir iniúchta den phróiseas acu.

1 Sainmhínítear scoil ghramadaí go dleathach mar scoil ghramadaí ar bhealach nach bhfuil ceangailte le nadúr a phróisis iontrála. Tá an sainmhíniú reatha cuimsithe i mír léirithe an Education and Libraries Order (NI), 1986 agus seo mar a leanas é:
"'grammar school' means a secondary school which—
(a) immediately before the coming into operation of Article 128 of the 1989 Order was a school in which fees were charged or could have been charged in respect of pupils admitted to the school, or a school which replaces such a school or schools; or (b)is established after the coming into operation of that Article and is designated by the Department as a grammar school."

CRITÉIR IONTRÁLA ACADÚLA

18. **An seasamh dleathach agus moltaí na Roinne:** maidir le haon scoil atá ag úsáid critéar iontrála acadúil ní bheidh sé seo toirmiscthe go follasach. Is é polasaí na Roinne é áfach, gan critéir iontrála acadúla a chur san áireamh i gclár na gcritéar molta iontrála. Tá seo amhlaidh mar nach measann an Roinn roghnú acadúil bheith i gcomhréir leis an chuspóir le caitheamh go cothrom le páistí agus le deis a thabhairt do gach páiste a c(h)umas iomlán a bhaint amach. Tá an Teist Aistrithe tarraingthe siar ag an Roinn agus ní chuirfear teist eile ina hionad mar go gcreideann sí go gcothaíonn agus go dtacaíonn iontrálacha dá leithéid bunaithe ar chumas neamhionannas. Mar shampla, faoi fheidhmiú an roghnaithe acadúil roimhe seo, bhí FSME ag 1 i ngach 17 páiste i scoileanna roghnatihe acadúil agus bhí FSME ag 1 i ngach 4 pháiste i scoileanna eile. Chomh maith leis sin, creideann an Roinn má dhéantar cinneadh chomh tábhachtach sin ag 10/11 bliain d'aois nach bhfuil sé seo inchosanta níos mó agus creideann sí go mbíonn daoine óga ábalta cosáin chuí oideachais a roghnú trí roghnú eolasach ag 14 bliain d'aois.

19. Mheas an Roinn go raibh féidearthacht ann leis an Teist Aistrithe roimhe seo (a bhí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla) go ndeánfadh cinntí iontrála "bunaithe ar chumas" ar bhealach stóinsithe ó thaobh riaracháin de mar gheall ar an dóigh a forbraíodh agus a feidhmíodh í (i.e. ag sainfhoras speisialaithe a bhfuil na hacmhainní cuí acu – an CCEA). Mar sin de, tá an Roinn **ag moladh go láidir** gur chóir do Bhord Gobharnóirí aon iarbhunscoile atá ag brath ar chritéir iontrála acadúla a úsáid agus, meicníocht neamhspléach measúnaithe nó "Teist Iontrála", mar bhonn d'iontrálacha sa bhliain 2010, ba chóir dóibh bheith iontach aireach ar an ghá le meicníocht láidir measúnaithe atá ábalta cinntí iontaofa a dhéanamh maidir le hiontrálacha bunaithe ar chumas.

20. **Breathnú iarrthóirí FSME:** ba chóir do scoileanna atá ag iarraidh critéir iontrála acadúla a úsáid bheith aireach ar an méid ar ghnáth do chritéir dá leithéid, bunaithe ar mheicníocht measúnaithe bheith mar chúis le gannionadaíocht shuntasach dóibh siúd atá i dteideal Béilí Saora Scoile; agus iarrtar orthu go háirithe, mar sin de, an chéad chritéar molta a úsáid (d'iarrthóirí FSME) ó chlár na gcritéar molta ag Paragraf 17.

21. **Cumarsáid faoi shocruithe neamhspleácha measúnaithe nó "Teisteanna Iontrála":** ba chóir go dtugann gach duine a bhfuil baint acu le hiontrálacha agus le haistriú iarbhunscoile faoi deara gur dócha go mbeidh teisteanna

á reáchtáil ag iarbhunscoileanna atá ag iarraidh "Teisteanna Iontrála" neamhspleácha a fheidhmiú chun críocha critéar iontrála acadúil a chur i bhfeidhm, gur dócha go mbeidh siad á reáchtáil i dtéarma an Fhómhair 2009. Roimhe seo bhí próiseas ann trína raibh freagracht ag gach bunscoil lena chinntiú gur cuireadh iad siúd a bhí ag iarraidh an teist aistrithe a dhéanamh isteach ar an teist. Ní bheidh an gnás seo ann as seo amach.

22. Beidh ar aon scoil atá ag iarraidh critéir acadúla a úsáid a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach tuismitheoir ar eolas faoina Teist Iontrála.

23. Maidir leis an cheist faoi ullmhúchán do theist iontrála na hiarbhunscoile, ba chóir do bhunscoileanna a thabhairt faoi deara nach féidir é seo a éileamh orthu agus ba chóir dóibh a thabhairt faoi deara go molann an Roinn go láidir nach ndéantar é. Go deimhin, tá gach bunscoil clúdaithe faoi dhualgais reachtúla chun curaclam na mbunscoileanna a sholáthar mar a shonraítear in Airteagail 4-9 den Education Order 2006. Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna monatóireacht go fóill ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama, i gcomhthéacs an churaclaim athbhreithnithe i mbunscoileanna. Tá an tAire ag scríobh chuig gach scoil ar an ábhar seo.

24. **Gnás Imthosca Speisialta do chur i bhfeidhm chritéir acadúla:** ba chóir go dtuigfeadh aon scoileanna a bheartaíonn ar chritéar acadúil a éilíonn "Teist Iontrála" a chur san áireamh mar chuid dá gcritéir iontrála, ba chóir go dtuigfeadh siad an ríthábhacht a bhaineann le próiseas dá leithéid á thacú ag **gnás imthosca speisialta**. Is dócha go mbreithneodh na cúirteanna go mbeadh sé míréasúnta do scoil gan a bheith ábalta aird a thabhairt ar imthosca nach raibh aon neart ag an iarrthóir orthu (mar shampla méala, taisme, nó tinneas) a raibh tionchar diúltach acu ar fheidhmíocht an iarrthóra ar lá na "Teiste Iontrála".

25. Ina leith seo, ba chóir do scoileanna atá ag iarraidh gnásanna neamhspleácha measúnaithe nó "Teisteanna Iontrála" a úsáid mar chuid dá n-iontrálacha, ba chóir dóibh bheith aireach ar leithcheal míchumais – mar a shainmhínítear faoin Disability Discrimination Act, 1995. Má shonraítear dalta atá ag iarraidh iontrála chuig scoil mar dhuine faoi mhíchumas faoi théarmaí an Achta seo, beidh dualgas ar an scoil "oiriúnuithe réasúnta" a dhéanamh maidir leis na socruithe a dhéanann sí le hiontráil a chinneadh. Is dócha go mbeidh seo ina fhadhb as siocair nach ionann foirmeacha áirithe míchumais, mar a shainmhínítear san Acht is a rá go mbíonn Ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais ag gach iarrthóir – agus mar sin de, ciallaíonn sé seo go gcaithfear a n-iontráil a chinneadh go cothrom leis na gnásanna caighdeánacha iontrála. Le comhairle

a fháil ar an ábhar seo, ba chóir do scoileanna féachaint ar Cód Cleachtais an Chomisiúin Comhionannais, Disability Discrimination – *Code of Practice for Schools", agus ar Cuid 6 den Chód sin go háirithe.*

26. Ba chóir d'aon scoileanna a bheartaíonn ar chritéar acadúil a éilíonn "Teist Iontrála" a chur san áireamh mar chuid dá gcritéir iontrála, ba chóir go dtuigfeadh siad fosta an ról tacaíochta, maidir leis an Teist Aistrithe, a bhí ag an **Ghnás um Fhorálacha Speisialta.** Soláthraíodh an ról tacaíochta seo do pháistí a d'iontráil ar churaclam na mbunscoileanna go mall (i.e. mar gur bhog siad anseo ó thír eile) agus nach raibh chomh hullmhaithe mar sin de, do Teist Aistrithe ailínithe leis an churaclam sin. Soláthraíodh é fosta do pháistí a rinne iarratas "lárbliana" chuig scoil ghramadaí. De réir a n-imthosca sonracha féin, cháiligh cuid mhór páistí dá leithéid le haghaidh na **Forála Speisialta** maidir le measúnú á dhéanamh orthu mar mhaithe le hiontrálacha scoil ghramadaí, ní tríd an Teist Aistrithe, ach trí mheasúnú síceolaíoch Shíceolaí Oideachais ELB.

27. Ba chóir do scoileanna atá ag smaoineamh ar "Theisteanna Iontrála" a úsáid glacadh leis go mbeidh orthu cinntí iontrála cothroma agus stóinsithe a dhéanamh ar iarrthóirí nach raibh ábalta "Teist Iontrála" a dhéanamh nó nach féidir measúnú cothrom a dhéanamh orthu le teist dá leithéid.

CONCLÚID

28. Measann an Roinn, agus an treoir seo acu, go bhfuil an t-eolas ag iarbhunscoil atá de dhíth uirthi le cuidiú léi a critéir iontrála a chinneadh don scoilbhliain 2010/11. Ba chóir go raibh an scoil ábalta cinnteacht agus soiléireacht a thabhairt do gach iarrthóir amach anseo. Ba chóir go raibh Príomhoidí agus foireann bunscoileanna soiléir faoi nadúr an phróisis.